Córas nua do chúram seandaoine

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chóras nua íocaíochta do chúram seandaoine in Éirinn. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén fáth go bhfuil gá le tithe altranais do sheandaoine? Cé a íocann as an gcostas? Ar cheart go n-íocfadh an stát as? Ar cheart go mbeadh an costas le n-íoc ag na seandaoine féin? Nó ar cheart go n-íocfadh a muintir as?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. in nursing homes _____
2. long-term care _____
3. public beds _____
4. free of charge _____
5. a promise _____
6. in the meantime _____
7. training will be given _____
8. inequality _____
9. income tax _____
10. senior citizens _____
11. legislation _____
12. without delay _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén sórt plean atá ag an Aire Sláinte do chúram seandaoine?

2. Cathain a thiocfaidh na rialacha nua i bhfeidhm?

3. An bhfuil an grúpa *Age Action Ireland* sásta faoin bplean nua? Cén fáth?

4. An aontaíonn Nora O'Donovan ó Phairlimint na Seanóirí Éireannacha le moltaí an Aire? Cén fáth?

5. Dar leis an tuairisceoir, an bhfuil aon rogha ag na daoine nach n-aontaíonn leis an Aire?

Ceist 4 ‘Ní aontaíonn Age Action Ireland le *moltaí an Aire*.’
‘Tiocfaidh na rialacha nua i bhfeidhm ag *tús na bliana* 2008.’
‘Gearrfar an íocaíocht as *eastát an tseanóra*.’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló iodálach thuas? Pléigh iad leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois críochnaigí na habairtí a leanas ag baint úsáide as na focail idir lúibíní.

1. Bíonn tacsaí ar fáil i gcónaí ag doras an _____. (an t-óstán)

2. Chuir Máire an bord agus na cathaoireacha i lár an _____. (an seomra)

3. Bíonn cruinniú ag an bhfoireann ag tús _____ chun clár oibre a leagadh amach dóibh féin. (an tseachtain)

4. Bíonn na páistí an-tuirseach ag deireadh an _____. (an lá)

5. Bhí seomraí _____ róbheag agus bhí an cíos ró-ard. (an t-árasán)

Ceist 5 ‘Tá an tAire Sláinte chun córas nua íocaíochta do chúram *seandaoine* a chur i bhfeidhm.’
‘Deir Nora O’Donovan go bhfuil *géarghá* le hathchóiriú ar an gcóras atá ann faoi láthair.’

An féidir leat féin agus an duine in aice leat na focail thíos a cheangal chun comhfhocal a chruthú? Uaireanta beidh ort séimhiú a chur ar an dara focal.

1	sean	daoine	seandaoine
2	géar	gá	géarghá
3	fad	téarmach	
4	geal	gáireach	
5	idir	náisiúnta	
6	pobal	breith	
7	nuacht	litir	
8	leas	máthair	
9	leath	ciorcal	
10	príomh	cathair	
11	bun	cloch	
12	súil	féachaint	

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:
An aontaíonn sibh le moltaí an Aire Sláinte? Nó an aontaíonn sibh leis an méid atá le rá ag *Age Action Ireland* agus Pairlimint na Seanóirí Éireannacha? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

1. i dtithe altranais
2. cúram fadtéarmach
3. leapacha poiblí
4. saor in aisce
5. geallúint
6. idir an dá linn
7. tabharfar traenáil
8. míchothromaíocht
9. cáin ioncaim
10. seanóirí
11. reachtaíocht
12. gan mhoill

Ceist 3

1. De réir phlean an Aire Sláinte Mary Harney beidh ar gach éinne rud éigin a íoc do chúram fadtéarmach do sheanóirí i dtithe altranais. Gearrfar íocaíochtaí de 7.5% de luach tí an tseanóra.

2. Tiocfaidh na rialacha nua i bhfeidhm ag tús na bliana 2008.

3. Níl. Deir an eagraíocht *Age Action Ireland* go bhfuil míchothromaíocht do dhaoine aosta sa phlean. Deir siad go bhfuil dualgas ar an stáit leapacha poiblí a chur ar fáil do sheandaoine agus go bhfuil formhór acu tar éis íoc astu tríd a n-íocaíochtaí cáin ioncaim le linn a saoil.

4. Ní aontaíonn. Deir sí go bhfuil géarghá le hathchóiriú ar an gcóras atá ann le trí bliana déag anuas ach ní thagann sí leis an moladh go ngearrfar an íocaíocht as eastát an tseanóra.

5. Dar leis an tuairisceoir, dealraíonn sé nach bhfuil an tarna rogha acu siúd nach n-aontaíonn le moltaí an Aire mar go bhfuil sé i gceist aici reachtaíocht nua a chur tríd an Dáil gan mhoill i dtreo is go mbeidh ar a cumas a cuid pleananna a chur i bhfeidhm ag tús na bliana 2008.

Ceist 4

An tuiseal ginideach uatha atá i gceist anseo.

1. doras an óstáin
2. lár an tseomra
3. tús na seachtaine
4. deireadh an lae
5. seomraí an árasáin

Ceist 5

1	sean	daoine	seandaoine
2	géar	gá	géarghá
3	fad	téarmach	fadtéarmach
4	geal	gáireach	gealgháireach
5	idir	náisiúnta	idirnáisiúnta
6	pobal	breith	pobalbhreith
7	nuacht	litir	nuachtlitir
8	leas	máthair	leasmháthair
9	leath	ciorcal	leathchiorcal
10	príomh	cathair	príomhchathair
11	bun	cloch	bunchloch
12	súil	féachaint	súilfhéachaint

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Maolra Mac Donnchadha

Deir an grúpa *Age Action Ireland* nach n-aontaíonn siad le moltaí an Aire Sláinte Mary Harney faoi chóras nua íocaíochta do chúram seandaoine i dtithe altranais. De réir phlean an Aire d'fhéadfaí íocaíocht 7.5% de luach tí cónaithe a ghearradh as cúram fadtéarmach. Dúirt James Redioch thar ceann *Age Action Ireland* go mbíonn cáin íoctha ag formhór seandaoine agus go bhfuil sé de dhualgas ar an stáit leapacha poiblí a chur ar fáil saor in aisce dóibh. Tá tuairisc ag Barraí Mescall.

Barraí Mescall

De réir phlean[1] an Aire Sláinte Mary Harney beidh ar gach éinne rud éigin a íoc do chúram fadtéarmach do sheanóirí i dtearmainn. Gearrfar íocaíochtaí de 7.5% de luach tí an tseanóra. Ach thug an tAire geallúint tráthnóna nuair a d'fhógair sí a cuid pleananna nach mbeadh ar an othar an íocaíocht seo a dhéanamh go dtí go raibh cúramaí eastáit an othair réitithe. Tiocfaidh na rialacha nua i bhfeidhm ag tús na bliana 2008 agus idir an dá linn, tabharfar traenáil do oibrithe Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte chun na moltaí a chur i gcrích. Ach níl gach éinne sásta le plean an Aire. Dúirt James Redioch thar ceann an eagrais *Age Action Ireland* go bhfuil míchothromaíocht do dhaoine aosta sa phlean. Dúirt sé go bhfuil dualgas ar an stáit leapacha poiblí a chur ar fáil do sheandaoine agus go bhfuil formhór acu tar éis íoc astu tríd a n-íocaíochtaí cáin ioncaim le linn a saoil. Grúpa eile nach bhfuil róshásta leis an Aire is ea Pairlimint na Seanóirí Éireannacha. Deir Nora O'Donovan go bhfuil géarghá le hathchóiriú ar an gcóras atá againn le trí bliana déag anuas ach ní thagann sí leis an moladh go ngearrfar an íocaíocht as eastát an tseanóra.

Nora O'Donovan

If they're not going to get you while you're alive, they're going to get you when you're dead and I think that's wrong really because the price of houses has risen so much...

Barraí Mescall

Dealraíonn sé nach bhfuil an tarna rogha acu siúd nach n-aontaíonn le moltaí an Aire mar go bhfuil sé i gceist aici reachtaíocht nua a chur tríd an Dáil gan mhoill i dtreo is go mbeidh ar a cumas a cuid pleananna a chur i bhfeidhm ag tús na bliana 2008.

Barraí Mescall, Nuacht TG4, Cathair Chorcaí

[1] *De réir plean an Aire Sláinte* a deirtear sa mhír